An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh



Tionchar do ghutha

KA-06-21-193-GA-N

# End the cage age

**“Is mór an t-uafás an fheirmeoireacht ar ainmhithe i gcásanna, agus táimid ag cur deireadh leis le chéile.”** – Eagraithe an fheachtais End the Cage Age

**An líon tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh atá tar éis an líon ráiteas tacaíochta a bhaint amach atá ag teastáil chun go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach beart, tá an líon sin ag méadú leis i gcónaí. Tháinig reachtaíocht nua as cuid de na tionscnaimh sin, agus bhí toradh fiúntach ar an gcuid eile acu. Tá gach ceann acu tar éis líonraí a thógáil i dtaca le saincheisteanna áirithe agus feasacht a mhúscailt i measc na saoránach agus lucht déanta beartas araon.**

**“Níor sheas an oiread sin daoine riamh ar son na n-ainmhithe a ndéantar feirmeoireacht orthu. Na cearca cáis ar fada leo go mbainfidh siad searradh as na sciatháin, na cránacha muice atá ag iarraidh aire a thabhairt do na bainbh gan srian, agus na coiníní a bhfuil an spás tuillte acu chun bheith ag preabadh thart – tá seans níos fearr ag gach ainmhí acu sin sa saol anois, a bhuí libhse.”**

– Ráiteas ó shuíomh gréasáin an fheachtais End the Cage

## SPRIOC NA N-EAGRAITHE

Tús a chur le gníomhaíocht maidir leis an dóigh a gcaitear le hainmhithe feirme, trí na rudaí seo a leanas a thoirmeasc:

- cásanna le haghaidh na mbéaróg, na gcoiníní, na n-eireog, na bpóraitheoirí sicíní grísce, na bpóraitheoirí béaróg, na ngearg, na lachan agus na ngéanna;
- cliathbhoscaí breithe le haghaidh cránacha;
- stallaí cránach, i gcás nach bhfuil cosc ar na stallaí sin cheana féin;
- pionnaí aonair le haghaidh laonna, i gcás nach bhfuil cosc ar na pionnaí sin cheana féin.

## RANNPHÁIRTEACHAS

**1 397 113** shíniú bailíochtaithe agus na tairseacha ba ghá bainte amach i 18 mBallstát den Aontas.

## OBAIR LEANTACH

- Ina fhreagra ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, thug an Coimisiún gealltanas go gcaibidleoidh sé togra reachtach roimh dheireadh 2023 chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid córas cásanna le haghaidh na n-ainmhithe uile atá luaite sa tionscnamh, agus an úsáid sin a thoirmeasc go deo.
- Go háirithe, bainfidh an togra ón gCoimisiún leo seo a leanas:
  - Ainmhithe a chlúdaítear sa reachtaíocht cheana féin: béaróga, cránacha agus laonna;
  - Ainmhithe eile a luaitear sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Sa chás sin, d’iarr an Coimisiún cheana féin ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) comhlánú a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíoch atá ann cheana chun na coinníollacha a chinneadh a bhfuil gá leo chun cásanna a thoirmeasc.

**Meán Fómhair 2018** – **Cláraíodh an tionscnamh**

**Deireadh Fómhair 2020** – **Cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin**

**Aibreán 2021** – **Bhí éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa**

**Meitheamh 2021** – **Thug an Coimisiún a fhreagra oifigiúil**

# TAPAIGH AN DEIS

**An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**

**Slí duitse an beartas Eorpach a mhúnlú**

AN TAONTAS EORPACH

**#EUTakeTheInitiative**

**europa.eu/citizens-initiative**

Lean na nuashonruithe ón Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh anseo:
https://europa.eu/citizens-initiative/news_ga

Léigh Scéalta Sochair mionsonraithe i bhFóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh anseo:
https://europa.eu/citizens-initiative-forum/success-stories_ga

© An tAontas Eorpach, 2021 Níl cosc ar athúsáid ar choinníoll go ndéantar an fhoinse a admháil. Is le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39) a rialaítear an beartas athúsáide maidir le doiciméid de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

ISBN 978-92-76-46531-7 – DOI 10.2792/06048